

## Cuardach farraige

### Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi chuardach atá ar siúl i gContae Chorcaí. Sula bhféachann tú ar an tuairisc, áfach, an féidir leat na focail seo a cheangal le chéile?

1. taking place	a. cuma gharbh
2. missing	b. a leithéid riamh roimhe
3. holiday home	c. fiáin
4. already	d. cuan
5. rough appearance	e. ar iarraidh
6. locals	f. cheana
7. waves	g. tonnta
8. wild	h. ar siúl
9. the likes ever before	i. cúr
10. foam	j. muintir na háite
11. bay/harbour	k. teach/tigh saoire

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11

Féach ar an mír anois le feiceáil an féidir leat na focail Ghaeilge seo a chloisteáil inti.

### Ceist 2

Féach ar an mír den dara huair agus breac síos an dath atá ar na nithe seo a leanas:

an héileacaptar: \_\_\_\_\_  
an bád tarrthála: \_\_\_\_\_  
éadaí na dtarrthálaithe: \_\_\_\_\_  
an bhladhm (*flare*) éigeandála: \_\_\_\_\_

### Ceist 3

Féach ar an tuairisc arís agus líon na bearnaí sa script leis na focail ó cheist 1. Déan iarracht, áfach, na bearnaí a líonadh gan féachaint siar ar cheist 1.

In iarthar Chorcaí bhí cuardach \_\_\_\_\_ ar feadh an lae ar an mbeirt fhear a bhí ar iarraidh i gceantar Chill Chrócháin ó Dé Sathairn. Thángthas ar chorp duine acu thart ar am lóin inniu ach níor aimsíodh an duine eile fós.

Déanach aréir a fuarthas amach go raibh an bheirt chara \_\_\_\_\_. Duine acu ón Ísiltír agus duine ón nGearmáin. Bhíodar ag fanacht i d\_\_\_\_\_ a bhaineann le tuismitheoirí an fhir ón Ísiltír. Fear a bhí anseo go minic \_\_\_\_\_ ar saoire. Ag am lóin Dé Sathairn, dúirt sé lena mháthair, ar an bhfón, go rabhadar chun dul ag siúl ar Cheann Caorach.

Tá \_\_\_\_\_ ar an bhfarraige anseo inniu ach deir \_\_\_\_\_ linn go bhfuil sé seo ciúin i gcomparáid leis an tslí ina raibh cúrsaí Dé Sathairn seo caite. Bhí na \_\_\_\_\_ chomh \_\_\_\_\_ go rabhadar ag teacht thairis an gcarraig mhór seo, agus ag dul an-chóngarach don dtigh saoire ina raibh an bheirt fhear ag fanacht.

**Proinsias Ní Thóibín**

Bhí sé chomh láidir sin go ndúirt daoine nach bhfacthas \_\_\_\_\_ sin. Bhí \_\_\_\_\_ ón bhfarraige ag dul in airde sa spéir.

Níor fhill an bheirt óna siúlóid agus inniu aimsíodh corp duine amháin acu i g\_\_\_\_\_ beag an-ghar don dtigh saoire. Grett O'Connor, Nuacht TG4, Cill Chrócháin, i gContae Chorcaí.

**Ceist 4**

‘...cuma **gharbh**...’ agus ‘...cuan beag...’

**A.** Cén fáth a bhfuil séimhiú ar **garbh** ach níl ar **beag**?

**B.** Cuir séimhiú ar na haidiachtaí atá idir lúbíní más gá:

1. fear (mór): \_\_\_\_\_
2. bean (beag): \_\_\_\_\_
3. cailín (maith): \_\_\_\_\_
4. scannán (suimiúil): \_\_\_\_\_
5. farraige (garbh): \_\_\_\_\_
6. fuinneog (dubh): \_\_\_\_\_
7. gruaig (fionn): \_\_\_\_\_
8. mála (gorm): \_\_\_\_\_
9. bord (fada): \_\_\_\_\_
10. duine (teicniúil): \_\_\_\_\_

**Ceist 5**

‘...an-chóngarach...’ agus ‘...an-ghar...’

Féach ar na samplaí thuas. Cén riail ghramadaí a bhaineann le **an-** mar sin?

Ach, cad is féidir leat a rá faoi na samplaí seo anois:

an-deas  
an-sásta  
an-te  
an-neirbhíseach  
an-leadránach  
  
an-uaigneach

**Ceist 6**

Pléigh na ceistanna seo le do ghrúpa:

1. An bhfuil aon bhaint ag an drochaimsir atá againn faoi láthair le téadh domhanda, dar leat?
2. An ndearnadh aon damáiste i do cheantar féin de bharr na stoirmeacha?
3. Cad é an séasúr den bhliain is fearr leat agus cén fáth?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11
h	e	k	f	a	j	g	c	b	i	d

Ceist 2

an héileacaptar:

*oráiste agus bán*

an bád tarrhála:

*oráiste*

éadaí na dtarrhálaíthe:

*oráiste agus dubh; buí*

an bhladhm (*flare*) éigeandála:

*bándearg*

Ceist 3

Féach an script

Ceist 4

A. Is focal baininsneach é **cuma** agus is focal firinsneach é **cuan**.

B. Cuir séimhiú ar na haidiachtaí atá idir lúbíní más gá:

1. fear **mór**
2. bean **bheag**
3. cailín **maith**
4. scannán **suimiúil**
5. farraige **gharbh**
6. fuinneog **dhubh**
7. gruaig **fhionn**
8. mála **gorm**
9. bord **fada**
10. duine **teicniúil**

Ceist 5

an-chóngarach

an-ghar

(Cuirtear séimhiú ar fhocail a thosaíonn le consan tar éis **an-**)

an-deas

an-sásta

an-te

an-neirbhíseach

an-leadránach

(ní chuirtear séimhiú ar fhocail a thosaíonn ar **d, t, l, s, agus n** tar éis focail a chríochnaíonn le **d, t, l, s, agus n**)

an-uaigneach

(Ní thagann aon athrú ar fhocail a thosaíonn le guta tar éis **an-**)

Ceist 6

Is féidir na foghlaimeoirí a chur ag plé na gceistanna seo i mbeirteanna nó i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

**Eimear Ní Chonaola**

In iarthar Chorcaí bhí cuardach ar siúl ar feadh an lae ar an mbeirt fhear a bhí ar iarraidh i gceantar Chill Chrócháin ó Dé Sathairn. Thángthas ar chorp duine acu thart ar am lóin inniu ach níor aimsíodh an duine eile fós.

**Grett O'Connor**

Déanach aréir a fuarthas amach go raibh an bheirt chara ar iarraidh. Duine acu ón Ísiltír agus duine ón nGearmáin. Bhíodar ag fanacht i dtigh saoire a bhaineann le tuismitheoirí an fhir ón Ísiltír. Fear a bhí anseo go minic cheana ar saoire. Ag am lóin Dé Sathairn, dúirt sé lena mháthair, ar an bhfón, go rabhadar chun dul ag siúl ar Cheann Caorach.

Tá cuma gharbh ar an bhfarraige anseo inniu ach deir muintir na háite linn go bhfuil sé seo ciúin i gcomparáid leis an tslí ina raibh cúrsaí Dé Sathairn seo caite. Bhí na tonnta chomh fiáin go rabhadar ag teacht thairis<sup>1</sup> an gcarraig mhór seo, agus ag dul an-chóngarach don dtigh saoire ina raibh an bheirt fhear ag fanacht.

**Proinsias Ní Thóibín**

Bhí sé chomh láidir sin go ndúirt daoine nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe sin. Bhí cúl ón bhfarraige ag dul in airde sa spéir.

**Grett O'Connor**

Níor fhill an bheirt óna siúlóid agus inniu aimsíodh<sup>2</sup> corp duine amháin acu i gcuán beag an-ghar don dtigh saoire. Grett O'Connor, Nuacht TG4, Cill Chrócháin, i gContae Chorcaí.

---

<sup>1</sup> *thairis* atá i gcanúint na Mumhan, ach *thar* atá sna canúintí eile

<sup>2</sup> *d'aimsíodh* a deirtear